Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0197(COD)**

**6168/1/21**
**REV 1 ADD 1**

**FSTR 13**
**REGIO 22**
**FC 4**
**CADREFIN 70**
**CODEC 203**
**PARLNAT 122**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 27 Bealtaine 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 29 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún síos togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe[1], atá mar chuid de phacáiste reachtach an Bheartais Comhtháthaithe do 2021-2027. Is é cuspóir beartais uileghabhálach an Rialacháin maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú, trí na héagothromaíochtaí idir réigiúin éagsúla an Aontais a laghdú, i gcomhréir le hAirteagail 174, 176 agus 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). An 28 Bealtaine 2020, ag eascairt as ráig COVID-19 agus mar chuid de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 athbhreithnithe agus den Phacáiste Téarnaimh, mhol an Coimisiún leasuithe éagsúla ar phacáiste reachtach Bheartas Comhtháthaithe 2021-2027, lena n-áirítear leasuithe ar an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe[2].

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra tosaigh an 17 Deireadh Fómhair 2018[3] agus maidir leis an togra leasaithe an 18 Meán Fómhair 2020[4]. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim maidir leis an togra tosaigh an 5 Nollaig 2018[5] agus maidir leis an togra leasaithe an 14 Deireadh Fómhair 2020[6].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh i ndáil leis an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe ar an gcéad léamh ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 27 Márta 2019.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha an Rialachán atá beartaithe maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe i roinnt cruinnithe faoi Uachtaránachtaí na Bulgáire, na Cróite, na Fionlainne, na Gearmáine, na hOstaire, na Portaingéile agus na Rómáine.

---

1 9522/18 + ADD 1 + ADD 2.
2 8380/20 + ADD 1 .
3 IO C 62, 15.2.2019, lch. 90.
4 IO C 429, 11.12.2020, lch. 236.
5 IO C 86, 7.3.2019, lch. 115.
6 IO C 440, 18.12.2020, lch. 191.

5. An 15 Feabhra 2019, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an sainordú caibidlíochta páirteach tosaigh[7]. An 22 Iúil 2020, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach eile le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a mhéid a bhaineann leis an togra leasaithe ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe[8]. Chomh maith leis sin, an 5 Deireadh Fómhair 2020, thug Coiste na mBuanionadaithe an sainordú páirteach don chaibidlíocht cothrom le dáta chun na Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 agus maidir leis an bPacáiste Téarnamh, a glacadh ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17, an 18, an 19, an 20 agus an 21 Iúil 2020, a chur san áireamh[9].

6. Ar bhonn na sainorduithe sin, chuaigh Uachtaránachtaí na Cróite, na Fionlainne, na Gearmáine agus na Portaingéile i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach a tugadh i gcrích an 9 Feabhra 2021.

7. An 16 Márta 2021, d'fhormheas Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí. An 18 Márta 2021, chuir Cathaoirleach Choiste REGI litir chuig Uachtaránacht na Comhairle ina léiríodh go molfadh sé don Seisiún Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle gan leasú, faoi réir fíorú dlí agus teanga, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

8. Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis an athbhreithnithe dlí agus teanga, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an 27 Bealtaine 2021, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 CFAE.

---

7 6147/19 ADD 2.
8 9430/20.
9 10880/20.

## II. CUSPÓIR (Airteagail 2 agus 3)

9. I gcomhréir le hAirteagal 176 agus leis an dara agus an tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, leanfaidh CFRE de bheith ag rannchuidiú chun éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil a laghdú, agus chun cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus as na réigiúin sin, tabharfar aird ar leith ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha orthu, lena n-áirítear míbhuntáistí a eascraíonn as meath déimeagrafach, ar nós na réigiún is forimeallaí agus is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus na n-oileán, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhe. Leanfaidh an Ciste Comhtháthaithe de bheith ag rannchuidiú leis an gcuspóir foriomlán comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú, trí ranníocaíochtaí airgeadais a chur ar fáil i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach in earnáil an bhonneagair iompair (TEN-T).

10. Tacóidh CFRE leis na cuspóirí beartais seo a leanas a bhaint amach:

- Eoraip níos iomaíche agus níos cliste trí chlaochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste agus Nascacht réigiúnach Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chur chun cinn (Cuspóir Beartais 1);
- aistriú níos glaise, ísealcharbóin chuig geilleagar carbóin glan-nialasach agus Eoraip athléimneach trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe (Cuspóir Beartais 2) a chur chun cinn;
- Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluaisteacht a fheabhsú (Cuspóir Beartais 3);
- Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme (Cuspóir Beartais 4);
- Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite gach cineál críoch agus tionscnamh áitiúil a chothú (Cuspóir Beartais 5).

Gheobhaidh Cuspóirí Beartais 2 agus 3 tacaíocht ón gCiste Chomhtháthaithe freisin.

Déantar na Cuspóirí Beartais a mhionchoigeartú a thuilleadh ina dhiaidh sin i gcuspóirí sonracha a leagtar amach freisin sa Rialachán maidir leis an CFRE/an Ciste Comhtháthaithe.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### (a) Cuspóirí Sonracha (Airteagal 3)

11. Sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tá cothromaíocht mhaith idir cuspóirí sonracha éagsúla atá le saothrú ag CFRE agus ag an gCiste Comhtháthaithe, lena léirítear na príomhdhúshláin atá os comhair na hEorpa faoi láthair, amhail tacú le téarnamh as paindéim COVID-19, an t-aistriú glas, borradh a chur faoin iomaíochas, nascacht a fheabhsú, gan ach roinnt acu a lua.

12. Sa chomhthéacs sin, foráiltear leis an gcomhaontú ar thángthas air d'fhéidearthacht shainráite do CFRE tacaíocht a chur ar fáil lena ndíreofaí ar nascacht dhigiteach a fheabhsú mar chuid de Chuspóir Beartais 1 le haghaidh Eoraip níos iomaíche agus níos cliste. Chun an chothromaíocht cheart a choinneáil idir tacaíocht do Chuspóirí éagsúla Beartais, ní chuirfear san áireamh ach 40 % de na hacmhainní a chaitear ar an nascacht dhigiteach a fheabhsú nuair a bheidh comhlíonadh na gceanglas don díriú téamach maidir le Cuspóir Beartais 1 á ríomh agus ní rachaidh na hacmhainní a chuirfear san áireamh le haghaidh na gceanglas don díriú téamach thar 40 % de na híoscheanglais don díriú téamach maidir leis an gCuspóir Beartais sin.

13. Faoi Chuspóir Beartais 2 le haghaidh aistriú níos glaise, ísealcharbóin chuig geilleagar carbóin glan-nialasach agus Eoraip athléimneach, beidh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe in ann tacaíocht a thabhairt, i measc nithe eile, chun cosaint agus caomhnú an dúlra, na bithéagsúlachta agus an bhonneagair ghlais a fheabhsú, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha, agus gach cineál truaillithe a laghdú. Ina theannta sin, faoi Chuspóir Beartais 2 freisin, beidh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe in ann tacaíocht a chur ar fáil chun soghluaisteacht uirbeach ghlan, inbhuanaithe, ilmhódach a chur chun cinn, mar chuid den aistriú chuig geilleagar carbóin glan-nialasach. Chun an chothromaíocht cheart a choinneáil idir tacaíocht do Chuspóirí éagsúla Beartais, ní chuirfear san áireamh ach 50 % de na hacmhainní a chaitear ar an nascacht dhigiteach a fheabhsú nuair a bheidh comhlíonadh na gceanglas don díriú téamach maidir le Cuspóir Beartais 2 á ríomh agus ní rachaidh na hacmhainní a chuirfear san áireamh le haghaidh na gceanglas don díriú téamach thar 50 % de na híoscheanglais don díriú téamach maidir leis an gCuspóir Beartais sin.

14. Faoi chuimsiú Chuspóir Beartais 4 le haghaidh Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme, beidh CFRE in ann tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn an chuimsithe shocheacnamaíoch i dtaca le pobal imeallaithe, líonta tí ar ioncam íseal agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu; agus do chur chun cinn lánpháirtithe shocheacnamaíoch náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear imircigh, trí ghníomhaíochtaí comhtháite, lena n-áirítear tithíocht, agus seirbhísí sóisialta araon.

15. Faoi Chuspóir Beartais 5 le haghaidh Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite an uile chineál críoch agus tionscnamh áitiúil a chothú, beidh CFRE in ann an méid a leanas a chothú i limistéir nach limistéir uirbeacha iad: forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil a bheidh idir chomhtháite agus chuimsitheach, cultúr, an oidhreacht nádúrtha, an turasóireacht inbhuanaithe agus an tslándáil. Cuirfear tacaíocht faoin gcuspóir beartais sin ar fáil trí straitéisí forbartha críochaí agus áitiúla.

**(b) Díriú téamach thacaíocht CFRE (Airteagal 4)**

16. Déanfaidh na Ballstáit cinneadh faoin leibhéal ar a gcomhlíonfaidh siad an díriú téamach: ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na gcatagóirí réigiún. Déanfaidh na Ballstáit an rogha sin ina gComhaontuithe Comhpháirtíochta arna dtabhairt i gcrích leis an gCoimisiún. Beidh feidhm ag a rogha ar feadh na clárthréimhse iomláine.

17. Chun críocha an dírithe théamaigh, déantar na Ballstáit agus na réigiúin a rangabháil ar bhonn a gcóimheasa ollioncaim náisiúnta, i dtrí ghrúpa, agus socraítear leithdháiltí íosta le haghaidh Chuspóirí Beartais 1 agus 2 do gach grúpa. Beidh ar na Ballstáit agus ar na réigiúin a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta acu atá cothrom le 100 % de mheán an Aontais nó os a chionn, 85 % ar a laghad dá n-acmhainní CFRE a leithdháileadh ar Chuspóir Beartais 1 agus ar Chuspóir Beartais 2 agus 30 % ar a laghad ar Chuspóir Beartais 2. Ceanglófar ar na Ballstáit agus ar na réigiúin a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta acu atá cothrom le 75 % nó os a chionn agus faoi 100 % de mheán an Aontais, 40 % ar a laghad dá n-acmhainní CFRE a leithdháileadh ar Chuspóir Beartais 1 agus 30 % ar a laghad ar Chuspóir Beartais 2. Ar deireadh, leithdháilfidh na Ballstáit agus na réigiúin a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta acu atá faoi 75 % de mheán an Aontais, 25 % ar a laghad dá n-acmhainní CFRE ar Chuspóir Beartais 1, agus 30 % ar a laghad ar Chuspóir Beartais 2. Agus é de rogha ag na Ballstáit díriú téamach a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal chatagóir na réigiún, ba cheart solúbthacht a bheith ann ar leibhéal na gclár aonair.

**(c) Raon feidhme thacaíocht CFRE (Airteagal 5)**

18. Tacóidh CFRE leis an méid seo a leanas:

- infheistíochtaí i mbonneagar;
- gníomhaíochtaí don taighde feidhmeach agus don nuálaíocht, lena n-áirítear taighde tionsclaíoch, forbairt thurgnamhach agus staidéir indéantachta;
- infheistíochtaí sa rochtain ar sheirbhísí;
- infheistíochtaí táirgiúla in FBManna agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh poist atá ann cheana a chosaint agus poist nua a chruthú;
- Trealamh, bogearraí, agus sócmhainní doláimhsithe;
- líonrú, comhar, malartú taithí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le cnuasaigh nuálaíochta lena n-áirítear idir gnólachtaí, eagraíochtaí taighde agus údaráis phoiblí;
- faisnéis, cumarsáid agus staidéir; agus
- cúnamh teicniúil.

19. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh CFRE tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad. Ina theannta sin, faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh CFRE tacú le hoiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil, gníomhaíochtaí athscilithe agus oideachais, agus ceannach na soláthairtí is gá chun athléimneacht na gcóras sláinte a neartú agus chun athléimneacht ó thubaistí a neartú.

20. I gcás ina bhfuil géarghá leis agus mar bheart sealadach chun freagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha, féadfaidh CFRE tacú le caipiteal oibre a mhaoiniú in FBManna i bhfoirm deontas.

**(d) Raon feidhme na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe (Airteagal 6)**

21. Tacóidh an Ciste Comhtháthaithe leis an méid seo a leanas:

- infheistíochtaí sa chomhshaol, lena n-áirítear infheistíochtaí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus fuinneamh a thugann tairbhí don chomhshaol, agus béim shonrach á leagan ar fhuinneamh inathnuaite;
- Infheistíochtaí i TEN-T;
- cúnamh teicniúil;
- faisnéis, cumarsáid agus staidéir.

**(e) Eisiaimh (Airteagal 7)**

22. Bhí sé tábhachtach a shoiléiriú cad iad na gníomhaíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme CFRE ná an Chiste Chomhtháthaithe. Is amhlaidh a bheidh, mar shampla, i gcás infheistíochtaí chun laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí a bhaint amach, chun dúbailt an chistiúcháin atá ar fáil cheana mar chuid den Treoir sin a sheachaint. Thairis sin, eisiatar freisin gnóthais atá i gcruachás, mar a shainmhínítear iad i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún, ach amháin má fhaigheann siad údarú faoi chabhair *de minimis* nó rialacha státchabhrach sealadacha a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla. Ní thacóidh CFRE ná an Ciste Comhtháthaithe le hinfheistíocht áirithe in aerfoirt ach oiread, cé is moite de thacaíocht do bhearta spriocdhírithe maolaithe comhshaoil agus bearta slándála agus sábháilteachta in aerfoirt réigiúnacha ar choinníoll go ndéanfaí príomhchuspóir na n-infheistíochtaí a shainaithint i dtéarmaí chaighdeáin chomhshaoil, slándála nó sábháilteachta an Aontais agus go mbeadh sé i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair. Ar an dóigh chéanna, ní thacóidh ceachtar den dá chiste le saoráidí do líonadh talún agus cóireáil dramhaíola iarmharaí, do dhíchoimisiúnú nó tógáil stáisiún cumhachta núicléiche ná do mhonarú, próiseáil agus margú tobac agus táirgí tobac. Eisiatar freisin tacaíocht d'infheistíocht a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán breoslaí iontaise, cé is moite den mhéid seo a leanas:

(i) faoi choinníollacha áirithe, córais téimh gásadhainte a chur in ionad córais téimh ina ndóitear breoslaí iontaise soladacha;

(ii) infheistíocht i líonraí tarchurtha agus dáilte gáis a mhéadú, a thiontú nó a iarfheistiú nó a gcuspóir a athrú ar choinníoll go mbeidh na líonraí ullamh chun gáis inathnuaite ísealcharbóin, amhail hidrigin, bithmheatán agus gás sintéise, a chur leis an gcóras a bhuí leis an infheistíocht sin agus go mbeifear in ann suiteálacha eile a chur in ionad suiteálacha breoslaí iontaise soladacha;

(iii) infheistíocht i bhfeithiclí glana chun críocha an phobail, chomh maith le feithiclí, aerárthaí agus soithí a dheartar agus a thógtar nó a oiriúnaítear lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta agus ag seirbhísí dóiteáin.

Cuirfear uasteorainn leis an méid tacaíochta faoi phointí (ii) agus (iii) thuas ag brath ar leibhéal ollioncam náisiúnta an Bhallstáit agus sciar an Bhallstáit de bhreoslaí iontaise soladacha ina olltomhaltas fuinnimh intíre. Roghnóidh an t-údarás bainistíochta na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe faoi phointí (i) agus (ii) faoin 31 Nollaig 2025, agus ní dhéanfar aon chéimniú chuig an gcéad chlárthréimhse eile.

**(f) Forálacha Sonracha (Airteagail 9-14)**

23. Beidh feidhm ag forálacha sonracha áirithe maidir leis na réigiúin is forimeallaí, i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE.

24. Féadfaidh CFRE tacú le forbairt chríochach chomhtháite laistigh de chláir faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta, tabharfaidh CFRE tacaíocht don fhorbairt chríochach chomhtháite bunaithe ar straitéisí críochacha nó straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail. Tacóidh CFRE leis an Tionscnamh Uirbeach Eorpach. Tacóidh CFRE leis an Ionstraim um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha, agus tacóidh sin le tráchtálú agus uas-scálú tionscadal nuálaíochta idir-réigiúnach a d'fhéadfadh forbairt slabhraí luacha Eorpacha a spreagadh.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

25. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa le tacaíocht ón gCoimisiún.

26. Creideann an Chomhairle gur pacáiste cothrom é an seasamh ar an gcéad léamh uaithi maidir leis an dá chiste atá le bunú ag an Rialachán seo do chlárthréimhse 2021-2027.